# Polasaí Comhlíontachta TG4

Ní mór do TG4 agus do lucht déanta clár cloí le Polasaí Comhlíontachta TG4 agus le Caighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4.

## Tábhacht na Comhlíontachta

Ní mór d'ábhar cloí leis na hoibleagáidí san Acht Craolacháin 2009 arna leasú leis an Acht um Rialáil Sábháilteachta ar Líne agus na Meán 2022 (mar a d'fhéadfaí é a leasú tuilleadh ó am go ham) (an "tAcht"), agus cóid agus rialacha Choimisiún na Meán mar aon le haon athruithe amach anseo ar dhlíthe, cóid rialála nó rialacha is infheidhme.

Is sárú ar an Acht é mainneachtain cloí leis na hoibleagáidí san Acht, nó i gCóid nó i Rialacha de chuid Choimisiún na Meán.

Má dhéanann lucht féachana gearán go ndearnadh sárú ar an Acht/ar na Cóid nó ar na Rialacha agus mura dtéann TG4 i ngleic leis go sásúil, is féidir an gearán a chur faoi bhráid Choimisiún na Meán.

Féadfaidh Coimisiún na Meán imscrúduithe a dhéanamh ar mhaithe le comhlíonadh agus is féidir leis smachtbhannaí airgeadais (suas le €20m) a chur i bhfeidhm freisin mura gcomhlíontar na hoibleagáidí. Tá cumhachtaí imscrúdúcháin an-leathan ag Coimisiún na Meán. Cuirtear smachtbhannaí suntasacha i bhfeidhm mar thoradh ar mhainneachtain cloí leis an Acht, leis na Cóid agus leis na Rialacha.

Má chinneann Coimisiún na Meán go ndearnadh sárú, agus méid na fíneála á mheas aige, beidh aird ag Coimisiún na Meán ar go leor fachtóirí, lena n-áirítear easpa nó neamhéifeachtacht meicníochtaí nó nósanna imeachta inmheánacha atá ceaptha chun sárú den sórt sin a chosc agus caithfidh an fhíneáil a bheith comhréireach.

Tá nósanna imeachta láidre comhlíontachta inmheánacha ag TG4.

Maidir le cláir choimisiúnaithe, déanann comhlachtaí léiriúcháin anailís ar chomhlíontacht ábhair faoi gach ceann de na ceannteidil san Fhoirm Chomhlíontachta agus líonann siad an fhoirm sin. Cuireann comhlachtaí léiriúcháin an Fhoirm Chomhlíontachta chuig an Eagarthóir Coimisiúnaithe mar chuid den ábhar seachadta agus bíonn sé sin ag teastáil sular féidir an clár a chur ar aghaidh. Comhshíníonn Eagarthóir Coimisiúnaithe ábhartha na Foirmeacha Comhlíontachta agus coimeádann TG4 iad.

Déanann pearsanra cuí TG4 athbhreithniú ar ábhar a d'fhéadfadh a bheith conspóideach. Cinntíonn sé sin go ndéantar rioscaí a mheas agus a bhainistiú go cuí. Cuirtear an próiseas inmheánach tarchurtha seo i ndáil le comhlíontacht i bhfeidhm ar an ábhar ar fad atá conspóideach. Déanann TG4 tuairimí faoi ábhar conspóideach ar líne a dhíchumasú de réir mar is cuí. Maidir le hábhar nach bhfuil conspóideach ann féin, ach ar ábhar é is cúis le tráchtaireacht a chothaíonn fadhbanna, déantar na tuairimí faoi ábhar den sórt sin a dhíchumasú de réir mar is cuí freisin. Déanann TG4 rialú ar chomhráite beo.

Níl dualgas ar TG4 ábhar a chraoladh agus is féidir leis a roghnú gan craoladh de réir mar is gá.

Cinntíonn oiliúint leanúnach go bhfuil foireann TG4 ar an eolas faoi na ceanglais reachtúla, faoi na cóid rialála agus faoin dea-chleachtas is déanaí dá bhfuil ann.

Ceanglaítear ar gach ball d'fhoireann TG4 fógra a thabhairt don Eagarthóir Coimisiúnaithe/Ceann Nuachta agus Cúrsaí Reatha ábhartha (de réir mar is infheidhme) faoi aon saincheist chomhlíontachta fhéideartha a aithníonn siad san ábhar.

I gcás éiginnteachta maidir le ceist eagarthóireachta, is féidir le baill foirne TG4 treoir a lorg ón Eagarthóir Coimisiúnaithe Comhlíontachta, ó rannóg dlí TG4 nó ón Meitheal Eagarthóireachta. Téitear i gcomhairle leis an mBainisteoir Coimisiúnaithe/Ceann Nuachta agus Cúrsaí Reatha i dtaca le haon saincheist gan réiteach agus má bhíonn saincheisteanna fós gan réiteach déanann an tArd-Stiúrthóir cinneadh mar Phríomh-Eagarthóir, de réir mar is cuí.

Ina theannta sin, téann TG4 i dteagmháil le Comhairle Lucht Féachana TG4 a fhaigheann amach faoi thuairimí agus leasanna an phobail i gcoitinne maidir le craoltóireacht seirbhíse poiblí TG4.

Ní mór do chomhlachtaí léiriúcháin neamhspleácha ábhar a léiriú agus a sheachadadh (lena n-áirítear leantóirí, ábhar ar na meáin shóisialta, podchraoltaí, ábhar scríofa agus fotheidil) de réir an chonartha choimisiúnaithe clár a síníodh le TG4. Ina theannta sin, déanann TG4 socrú chun ábhar coimisiúnaithe áirithe a fhotheidealú go díreach le comhlachtaí fotheidilithe. Ní mór do TG4 agus do lucht déanta clár cloí le Caighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4, an Polasaí Comhlíontachta seo, na hoibleagáidí san Acht agus cóid agus rialacha an Choimisiúin Meán mar aon le haon athruithe amach anseo ar dhlíthe, ar chóid rialála nó ar rialacha is infheidhme. Ní mór don chomhlacht léiriúcháin cloí le haon treoirlínte a eisíonn TG4 ó am go ham, lena n-áirítear Cód Iompair TG4 do Sholáthraithe Clár Coimisiúnaithe.

**Gníomhartha a éilítear ar chomhlacht léiriúcháin neamhspleách a dhéanamh:**

- Eolas a chur ar gach reachtaíocht is infheidhme, lena n-áirítear a oibleagáidí faoin Acht, cóid agus rialacha Choimisiúin na Meán agus aon athrú amach anseo ar dhlíthe, ar chóid rialála nó ar rialacha is infheidhme.
- Freastal go rialta ar sheisiúin oiliúna arna n-eagrú ag SPI, lena n-áirítear seisiúin ar an Acht agus cóid agus rialacha de chuid Choimisiún na Meán, nó é féin a chur ar an eolas ar shlí eile faoi na hoibleagáidí go léir is infheidhme mura bhfuil comhlacht léiriúcháin ina bhall de SPI.
- Suíomh gréasáin Choimisiún na Meán a sheiceáil go rialta chun fanacht cothrom le dáta ar na riachtanais is déanaí.
- A chinntiú go gcomhlíonann an t-ábhar conradh coimisiúnaithe an chláir, na dlíthe is infheidhme, an tAcht, cóid agus rialacha Choimisiún na Meán, Caighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireachta Chláir TG4 agus an Polasaí Comhlíontachta seo.
- Ábhar a sheachadadh chuig TG4 ar mhodh tráthúil de réir an sceidil léiriúcháin chomhaontaithe sa chonradh coimisiúnaithe cláir.
- Measúnú a dhéanamh ar an ábhar i bhfianaise gach ceann de na ceannteidil san fhoirm chomhlíontachta.
- An fhoirm chomhlíontachta a chomhlánú agus a chur ar fáil do TG4 de réir an chonartha coimisiúnaithe clár.
- Maidir le hábhar conspóideach, ní mór an deimhniúchán árachais E&O (earráidí & easnaimh) a thabhairt do TG4 freisin tráth sínithe an chonartha coimisiúnaithe clár.
- I dtaca le hábhar conspóideach, ní mór a chinntiú freisin go ndéanann dlíodóir meán an chomhlachta léiriúcháin athbhreithniú ar an ábhar atá beartaithe le linn an phróisis léiriúcháin, sula gcuirfear faoi bhráid TG4 é agus tar éis aon eagarthóireacht riachtanach a dhéanamh.
- Maidir le hábhar conspóideach, ní mór cóip den litir aontaithe, a eiseoidh dlíodóir an chomhlachta léiriúcháin chuig an gcomhlacht léiriúcháin, a thabhairt do TG4 freisin, ar litir í maidir le cóip tharchuir an chláir.

- Cé go n-oibreoidh TG4 i gcomhairle leis an gcomhlacht léiriúcháin, déanfaidh an comhlacht léiriúcháin eagarthóireachtaí a theastaíonn ón Eagarthóir Coimisiúnaithe.
- Ionadaíocht chothrom inscne a chinntiú i measc rannpháirtithe i gcláir nuachta agus chúrsaí reatha.
- Soiléiriú a lorg ó Eagarthóir Coimisiúnaithe Comhlíontachta TG4 ar ghnéithe de Chaighdeáin agus Treoirlínte Iriseoireacht Chláir TG4 agus Polasaí Comhlíontachta TG4 i gcás easpa soiléireachta ar bith.
- Cibé eolas, cáipéisíocht, ábhar agus cúnamh a theastaíonn ó TG4, i gcás gearáin, a chur ar fáil go pras.

**Gníomhartha a theastaíonn ó chomhlachtaí a dhéanann ábhar a dhubáil, a athphacáistiú agus a fhotheidealú agus a sholáthraíonn seirbhís blúiríní eolais/aistriúcháin:**

- Ceanglaítear ar chomhlachtaí a dhéanann dubáil ar ábhar thar ceann TG4 measúnú conarthach a dhéanamh ar ábhar i bhfianaise gach ceann de na ceannteidil san fhoirm chomhlíontachta agus foirm chomhlíontachta a chomhlánú maidir le gach clár dubáilte.
- Iarrtar ar chomhlachtaí a dhéanann fotheidealú nó athphacáistiú ar ábhar thar ceann TG4 aon saincheist ionchasach maidir le comhlíontacht a chur in iúl do Phearsanra Ábhair TG4, ar saincheisteanna iad a thugann siad faoi deara san ábhar.
- Iarrtar ar chomhlachtaí a sholáthraíonn seirbhís blúiríní eolais agus aistriúcháin do TG4 aon saincheisteanna ionchasacha maidir le comhlíontacht a chur in iúl do Phearsanra Ábhair TG4, ar saincheisteanna iad a thugann siad faoi deara san ábhar.

## Athbhreithniú ar an bPolasaí Comhlíontachta

Déanfaidh TG4 athbhreithniú ar an bPolasaí Comhlíontachta ó am go ham agus déanfaidh sé é a nuashonrú de réir mar is gá.